RIALACHÁN (AE) 2022/2294 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh i ndáil le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid cúraim sláinte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Iarscríbhinn II, pointe (d), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 na hábhair a chumhdaítear i réimse an chúraim sláinte a bhfuil sonraí agus meiteashonraí le soláthar ina leith chun staidreamh Eorpach a chur ar fáil. Go háirithe, ba cheart sonraí agus meiteashonraí maidir le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte, úsáid cúraim sláinte, seirbhísí aonair agus comhsheirbhísí, agus tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama maidir le soláthar sonraí a leagan amach trí bhearta cur chun feidhme.

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, in 2015 agus 2018, sheol an Coimisiún staidéir thrialacha a chuir na Ballstáit i gcrích go deonach. Phléigh an Coimisiún riachtanais úsáideoirí an staidrimh leis na Ballstáit freisin. Ba é an toradh a bhí ar na staidéir thrialacha sin agus ar an bplé sin go bhfuil gá le sonraí uile-Aontais chun an bonn fianaise maidir le faisnéis faoi chúram sláinte a neartú, lena bhféadfar cinntí níos éifeachtúla a dhéanamh maidir leis an tsláinte phoiblí agus maidir leis an mbeartas sóisialta.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, rinne an Coimisiún anailís costais is tairbhe, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann le hinfhaighteacht athróg maidir le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte agus costas bailithe sonraí. Is léir ón anailís sin gur cheart na hathróga sin a bhailiú chun inchomparáideacht agus infhaighteacht sonraí uile-Aontais a áirithiú.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le staidreamh Eorpach a fhorbairt agus a tháirgeadh i réimse na saoráidí cúraim sláinte, na n-acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid an chúraim sláinte agus seirbhísí aonair agus comhsheirbhísí, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, pointe (d), an chéad fhleasc, an dara fleasc agus an tríú fleasc, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 70.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur na sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 3

Na sonraí atá ag teastáil

Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí maidir le liosta na n-athróg, na saintréithe agus na miondealuithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II iad.

Airteagal 4

Meiteashonraí

Soláthróidh na Ballstáit na tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta is gá don Choimisiún (Eurostat), go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) foinsí na sonraí agus a gcumhdach,

(b) na modhanna tiomsaithe a úsáideadh,

(c) faisnéis faoi ghnéithe de shaoráidí cúraim sláinte náisiúnta, acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid cúraim sláinte a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit agus a chlaonann ó na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na hathróga a leagtar amach in Iarscríbhinn II,

(d) faisnéis faoi aon athrú ar na coincheapa staidrimh a luaitear in Iarscríbhinní I agus II.

Airteagal 5

Tréimhse thagartha

1. An bhliain féilire a bheidh sa tréimhse thagartha.

2. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.

3. De mhaolú ar mhír 2, is é 2023 an chéad bhliain tagartha i gcás sonraí maidir le fostaíocht sláinte, cúram ospidéil agus gnáthaimh mháinliachta dá dtagraítear i bpointí 1, 6 agus 7 d'Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Sonraí agus meiteashonraí a sholáthar don Choimisiún (Eurostat)

1. Soláthróidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí tagartha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi seach don Choimisiún (Eurostat) ar bhonn bliantúil laistigh de 14 mhí tar éis dheireadh na bliana tagartha.

2. De mhaolú ar mhír 1, soláthróidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí tagartha maidir le cúram ospidéil agus gnáthaimh mháinliachta dá dtagraítear i bpointí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn II laistigh de 20 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha.

3. Tarchuirfear sonraí agus meiteashonraí tagartha chuig an gCoimisiún (Eurostat) tríd an bpointe iontrála aonair a úsáid, nó cuirfear ar fáil iad don Choimisiún (Eurostat) lena n-aisghabháil go leictreonach.

Airteagal 7

Foinsí sonraí

1. Tiomsófar na sonraí go príomha ó thaifid riaracháin, dá dtagraítear in Airteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus cumhdóidh siad iomlán an Bhallstáit.

2. I gcás nach mbeidh taifid riaracháin ar fáil nó nach mbeidh cáilíocht ná cumhdach leordhóthanach iontu, glacfar le húsáid foinsí eile, modhanna eile nó cineálacha cur chuige nuálacha eile a mhéid a bheidh siad in ann sonraí a tháirgeadh atá inchomparáide agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 2

1	Ciallaíonn “lianna i mbun cleachtais” dochtúirí a bhain céim amach sa leigheas i ndámha leighis nó in institiúidí comhchosúla agus atá ceadúnaithe chun cleachtadh. Cuireann “lianna i mbun cleachtais” seirbhísí ar fáil d’othair aonair, do theaghlaigh agus do phobail. Tagraíonn sé freisin d’intéirnigh agus do lianna cónaitheacha a bhain céim amach sa leigheas i ndámha leighis nó in institiúidí comhchosúla agus a chuireann seirbhísí ar fáil faoi mhaoirseacht dochtúirí eile.
2	Ciallaíonn “catagóir na lianna i mbun cleachtais” an príomhréimse/príomhréimse cleachtais dochtúirí.
3	Ciallaíonn “liachleachtóirí ginearálta” dochtúirí a ghlacann freagracht as cúram leighis leanúnach agus cuimsitheach a chur ar fáil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail.
4	Ciallaíonn “liachleachtóirí ginearálta eile (nach speisialtóirí iad)” cleachtóirí a dhíríonn ar níos mó ná catagóir áirithe galar nó ar mhodhanna cóireála amháin ina gcleachtas. Ní oibríonn siad i réimse speisialtóireachta.
5	Ciallaíonn “péidiatraithe” dochtúirí a dhéileálann le forbairt, cúram agus galair leanaí.
6	Ciallaíonn “obstatraithe” dochtúirí a dhéanann speisialtóireacht i dtoircheas agus breith clainne. Ciallaíonn “gínéiceolaithe” dochtúirí a dhéanann speisialtóireacht sna feidhmeanna agus sna galair a bhaineann go sonrach le mná agus cailíní, go háirithe na galair sin a bhfuil tionchar acu ar an gcóras atáirgthe.
7	Ciallaíonn “síciatraithe” dochtúirí a dhéanann speisialtóireacht i meabhairghalar a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil.
8	Ciallaíonn “grúpa speisialtóirí neamh-mháinliachta” dochtúirí a dhéanann speisialtóireacht i neamhoird agus galair fhisiciúla a dhiagnóisiú agus cóireáil neamh-mháinliachta a dhéanamh orthu.
9	Ciallaíonn “grúpa speisialtóirí máinliachta” dochtúirí a dhéanann speisialtóireacht i dteicnící máinliachta chun neamhoird fhisiciúla a chóireáil.
10	Ciallaíonn “speisialtóirí eile nach n-aicmítear áit ar bith eile” lia-speisialtóirí nach gcumhdaítear le sainmhínithe 5 go 9.
11	Ciallaíonn “dochtúirí nach ndéantar sainiú breise orthu” lia-chleachtóirí nach féidir a aicmiú sna catagóirí eile (sainmhínithe 3 go 10).
12	Ciallaíonn “cnáimhseacha i mbun cleachtais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta acu sa chnáimhseachas, a bhfuil ceadúnas chun cleachtadh acu agus chun seirbhísí a chur ar fáil go díreach d’othair. Is gairmí cnáimhseachais nó gairmí comhlach cnáimhseachais atá i gcnáimhseach. Cuireann gairmithe cnáimhseachais cúram agus comhairle ar fáil do mhná le linn toirchis, tinneas clainne agus breith clainne agus sa tréimhse iarbhreithe. Cuidíonn gairmithe cnáimhseachais le saolú leanaí, agus iad ag obair go neamhspleách nó i gcomhar le dochtúirí, altraí agus oibrithe cúraim sláinte eile agus cuireann siad comhairle agus cúnamh ar fáil do thuismitheoirí maidir le cúram leanaí. Cuidíonn gairmithe comhlacha cnáimhseachais le saolú leanaí nó cuidíonn siad le dochtúirí nó gairmithe cnáimhseachais leanaí a shaolú. Cuireann gairmithe comhlacha cnáimhseachais cúram réamhbhreithe agus iarbhreithe ar fáil agus tugann siad treoir do thuismitheoirí maidir le cúram leanaí.
13	Ciallaíonn “altraí i mbun cleachtais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta acu san altranas, a bhfuil ceadúnas chun cleachtadh acu agus chun seirbhísí a chur ar fáil go díreach d’othair. Is gairmí altranais nó gairmí comhlach altranais atá in altra. Glacann gairmithe altranais freagracht orthu féin as cúram othar a phleanáil agus a bhainistiú, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar oibrithe cúraim sláinte eile, agus iad ag obair go neamhspleách nó i bhfoirne le dochtúirí agus daoine eile i gcur i bhfeidhm praiticiúil beart coisctheach agus íceach. Go ginearálta, oibríonn gairmithe comhlacha altranais faoi réir pleananna cúraim sláinte, cóireála agus tarchuir arna mbunú ag gairmithe liachta, altranais agus sláinte agus chun tacú le cur chun feidhme na bpleananna sin.

14	Ciallaíonn “fiaclóirí i mbun cleachtais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta acu san fhiaclóireacht, a bhfuil ceadúnas chun cleachtadh acu agus chun seirbhísí a chur ar fáil go díreach d’othair. Déanann fiaclóirí galair, gortuithe agus anchumaí na bhfiacla, na ndrandal agus na struchtúr béil a bhaineann leo a dhiagnóisiú agus a chóireáil. Cuireann siad gnáthfheidhm bhéil ar ais agus raon leathan de chóireálacha, amhail máinliacht agus teicnící speisialaithe eile á n-úsáid acu, agus tugann siad comhairle maidir le sláinte béil. Tagraíonn sé freisin d’intéirnigh agus d’fhiaclóirí cónaitheacha a bhain céim amach san fhiaclóireacht i ndámha leighis agus fiaclóireachta nó in institiúidí comhchosúla agus a chuireann seirbhísí ar fáil faoi mhaoirseacht fiaclóirí eile.
15	Ciallaíonn “cógaiseoirí i mbun cleachtais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta acu sa chógaisíocht agus a bhfuil ceadúnas chun cleachtadh acu. Déanann cógaiseoirí cógais a chumasc agus a fhodháileadh de réir oidis arna n-eisiúint ag lianna, ag fiaclóirí, nó ag cleachtóirí sláinte údaraithe eile. Déanann cógaiseoirí cógais agus drugaí a ullmhú, a fhodháileadh le haghaidh othar nó díolann siad iad agus cuireann siad comhairle ar fáil.
16	Ciallaíonn “céimithe leighis” daoine a bhain céim amach sa leigheas i ndámha leighis nó in institiúidí comhchosúla sa tír thuairiscithe, i.e., a bhfuil bunoideachas leighis críochnaithe acu.
17	Ciallaíonn “céimithe fiaclóireachta” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta san fhiaclóireacht faighte acu sa tír thuairiscithe.
18	Ciallaíonn “céimithe cógaisíochta” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta sa chógaisíocht faighte acu sa tír thuairiscithe.
19	Ciallaíonn “céimithe cnáimhseachais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta sa chnáimhseachas faighte acu sa tír thuairiscithe.
20	Ciallaíonn “céimithe altranais” daoine a bhfuil cáilíocht aitheanta san altranas faighte acu sa tír thuairiscithe.
21	Ciallaíonn “ospidéil” na bunaíochtaí ceadúnaithe atá ag gabháil go príomha do sholáthar seirbhísí leighis, diagnóiseacha agus cóireála lena n-áirítear seirbhísí lia, altranais agus seirbhísí sláinte eile a sholáthar d’othair chónaitheacha agus na seirbhísí cóiríochta speisialaithe a theastaíonn ó othair chónaithe. Ina theannta sin, is féidir leis na bunaíochtaí sin seirbhísí cúraim lae, cúram othar seachtrach agus cúram sláinte baile a sholáthar freisin.
22	Ciallaíonn “leapacha ospidéil” na leapacha sin a chothabháiltear go rialta agus a soláthraítear foireann dóibh agus atá ar fáil láithreach chun aire a thabhairt d’othair a thógtar isteach. Áirítear sa choincheap seo leapacha atá in úsáid agus leapacha nach bhfuil in úsáid araon. Ní áirítear tralaithe agus leapacha téarnaimh le haghaidh cúram aon lae (cúram cás lae agus cúram othar seachtrach), leapacha ar choinníollacha agus leapacha sealadacha. Is féidir leapacha ospidéil a dheighilt de réir catagóir cúraim (sainmhínithe 23 agus 24) agus de réir feidhme (sainmhínithe 25-28) cúraim.
23	Ciallaíonn “cúram sómatach” cúram sláinte a bhaineann leis an gcorp, seachas cúram síciatrach.
24	Ciallaíonn “cúram síciatrach” cúram sláinte a bhaineann leis an intinn, e.g. a bhaineann le neamhoird mheabhracha agus iompraíochta.
25	Ciallaíonn “cúram íceach” na seirbhísí cúraim sláinte a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu na siomptóim a mhaolú nó déine tinnis nó díobhála a laghdú, nó a chinntiú nach rachaidh sé in olcas nó in aimhréidh i gcaoi a chuirfeadh an bheatha nó an ghnáthfheidhm i mbaol.
26	Ciallaíonn “cúram athshlánúcháin” na seirbhísí chun feidhmeanna agus struchtúir na bhfeidhmeanna agus struchtúr coirp lagaithe a chobhsú, a fheabhsú nó a thabhairt ar ais, chun easpa nó caillteanas feidhmeanna agus struchtúr coirp a chúiteamh, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus lagaithe, aimhréidheanna agus rioscaí leighis a chosc.
27	Ciallaíonn “cúram fadtéarmach (sláinte)” an réimse seirbhísí cúraim leighis agus seirbhísí cúraim phearsanta a úsáidtear agus a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu pian agus fulaingt a mhaolú agus an meath ar an stádas sláinte in othair a bhfuil spleáchas fadtéarmach acu a laghdú nó a bhainistiú.

28	Ciallaíonn “leapacha ospidéil le haghaidh cúram sómatach agus nach n-aicmítear a bhfeidhm in aon áit eile” leapacha in ospidéil nach n-aicmítear mar leapacha le haghaidh cúram íceach, cúram athshlánúcháin nó cúram fadtéarmach.
29	Ciallaíonn “leapacha ospidéil i gcomhair cúram síciatrach” leapacha in ospidéil ina dtugtar aire d’othair a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Eiseofar leapacha le haghaidh cúram fadtéarmach sóisialta.
30	Ciallaíonn “saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe” bunaíochtaí a bhíonn ag gabháil go príomha do chúram fadtéarmach cónaithe a sholáthar ina gcomhcheanglaítear an t-altranas, cúram maoirseachta nó cineálacha eile cúraim de réir mar atá siad ag teastáil ó na cónaitheoirí, i gcás ina bhfuil cuid shuntasach den phróiseas táirgthe agus den chúram a sholáthraítear ina meascán de sheirbhísí sláinte agus sóisialta agus go bhfuil na seirbhísí sláinte go príomha ar leibhéal an chúraim altranais i gcomhcheangal le seirbhísí cúraim phearsanta.
31	Ciallaíonn “leapacha i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe” leapacha i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe atá ar fáil do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach ag teastáil uathu.
32	Ciallaíonn “aonaid íomháithe athshondais mhaighnéadaigh (MRI)” meaisíní a bhfuil teicníc íomháithe acu atá deartha chun struchtúir inmheánacha an choirp a amharcléiriú lena n-úsáidtear réimsí maighnéadacha agus leictreamaighnéadacha a mbíonn éifeacht athshondais de adaimh hidrigine mar thoradh orthu. Déantar an astaíocht leictreamaighnéadach a chruthaítear leis na hadaimh sin a chlárú agus a phróiseáil le ríomhaire tiomnaithe chun na híomhánna de struchtúir an choirp a ghiniúint.
33	Ciallaíonn “scanóir tomagrafaíochta ríomhchuidithe (CT)”, ar a dtugtar scanóir tomagrafaíochta aiseach ríomhairithe (CAT) freisin, meaisín x-gha a chomhcheanglaíonn cuid mhór íomhánna x-gha le cabhair ó ríomhaire amhairc, thrasghearrthacha a ghiniúint mar aon le híomhánna tríthoiseacha d’orgáin inmheánacha agus de struchtúir inmheánacha an choirp más gá.
34	Ciallaíonn “cúram othar seachtrach” seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar go díreach d’othair sheachtracha nach dteastaíonn seirbhísí d’othair chónaitheacha uathu, lena n-áirítear cúram in oifigí liachleachtóirí ginearálta agus oifigí speisialtóireachta agus i mbunaíochtaí atá ag sainfheidhmiú i gcóireáil cásanna lae agus i seachadadh seirbhísí cúraim baile.
35	Ciallaíonn “imdhíonadh in aghaidh fliú” vacsaíniú lena dtugtar cosaint ar ionfhabhtú le víris fliú.
36	Ciallaíonn “clár scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht)” clár scagtha eagraithe atá ceaptha chun ailse chíche a bhrath go luath agus úsáid á baint as mamagrafaíocht dhéthaobhach.
37	Ciallaíonn “clár scagthástála ailse ceirbheacs” clár scagtha eagraithe atá ceaptha chun ailse cheirbheacs a bhrath go luath.
38	Ciallaíonn “othar cónaitheach” othar a fhaigheann cóireáil agus/nó cúram i saoráid cúraim sláinte, ar othar é a thógtar isteach go foirmiúil agus ar gá dó fanacht thar oíche. Ciallaíonn “cúram othar cónaitheach” an cúram a sholáthraítear d’othar cónaitheach.
39	Ciallaíonn “othar seachtrach” othar a fhaigheann cóireáil agus/nó fosheirbhísí i saoráid cúraim sláinte, agus nach dtógtar isteach é go foirmiúil agus nach gá dó fanacht thar oíche. Ciallaíonn “cúram othar seachtrach” an cúram a sholáthraítear d’othar seachtrach.
40	Ciallaíonn “cás lae” othar a fhaigheann seirbhísí pleanáilte leighis agus paraileighis a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d’othair agus a thógtar isteach go foirmiúil chun diagnóis, cóireáil nó cineálacha eile cúraim sláinte a dhéanamh air agus a scaoiltear an lá céanna. Is é atá i “gcúram lae” an cúram a sholáthraítear do chás lae.
41	Ciallaíonn “scaoileadh othar cónaitheach” scaoileadh othar cónaitheach (scaoileadh foirmiúil) ó ospidéal. Eiseofar leanaí nuabheirthe sláintiúla.
42	Ciallaíonn “laethanta leapa othar cónaitheach” na laethanta a chaitheann othar cónaitheach in ospidéal. Eiseofar leanaí nuabheirthe sláintiúla.

43	Ciallaíonn “scaoileadh cás lae ó ospidéal” scaoileadh cás lae. Is é atá ann, scaoileadh othar a tógadh isteach go foirmiúil in ospidéal chun seirbhísí pleanáilte liachta agus paraileighis a fháil, agus ar scaoileadh é an lá céanna. Eiseofar leanaí nuabheirthe sláintiúla.
44	Ciallaíonn “cónaitheoir” gnáthchónaitheoir i limistéar geografach, is é sin (i) duine a chónaigh ina ghnátháit chónaithe ar feadh tréimhse leanúnach 12 mhí ar a laghad roimh an dáta tagartha, nó (ii) na daoine a tháinig chun cónaí ina ngnátháit chónaithe sa dá mhí dhéag roimh an dáta tagartha agus é ar intinn acu fanacht ann ar feadh bliana ar a laghad. I gcás nach féidir na himthosca a bhfuil tuairisc orthu i bpointe (i) nó i bpointe (ii) a shuíomh, ciallóidh “gnátháit chónaithe” an áit chónaithe dhlíthiúil nó an áit chónaithe chláraithe.
45	Ciallaíonn “neamhchónaitheoir” duine nach cónaitheoir é sa tír thuairiscithe.
46	Ciallaíonn “gnáthaimh mháinliachta” idirghabhálacha leighis a mbíonn gearradh le huirlisí a dhéantar de ghnáth in obrádlann agus a mbíonn ainéistéise agus/nó cúnamh riospráide i gceist leo de ghnáth. Is féidir gnáthaimh mháinliachta a dhéanamh i gcás othar cónaitheach, cásanna lae nó, i gcásanna áirithe, mar chásanna othar seachtrach.
47	Ciallaíonn “máinliacht ar chatarachtaí” gnáthaimh mháinliachta chun lionsa súile a bhaint agus, i bhformhór na gcásanna, chun lionsa saorga a chur ina ionad.
48	Ciallaíonn “céislíneachtóime” na céislíní a bhaint trí ghnáthamh máinliachta.
49	Ciallaíonn “angaplaiste corónach traslonrach” próiseas lena ndéantar artairí corónacha blocáilte a oscailt chun an sreabhadh fola go dtí an matán croí a fheabhsú.
50	Ciallaíonn “nódú seach-chonaire artaire chorónaigh” obráid mháinliachta ina ndéantar blocálacha atarómatacha in artairí corónacha othair a chur ar seach-chonair le seolphíobáin fhéitheacha nó le seolphíobáin artaireacha a tógadh ó áit eile sa chorp.
51	Ciallaíonn “colaicisteachtóime” gnáthamh máinliachta chun máilín an domlais a bhaint.
52	Ciallaíonn “deisiú na heirne bléiní” ceartúchán máinliachta ar heirne bhléineach. Is é atá i heirne bhléineach, oscailt, laige, nó bolgadh i bhfíochán líneála bhalla an bhoilg thart ar an mbléin idir an bolg agus an leis.
53	Ciallaíonn “gearradh Caesarach” gnáthamh máinliachta chun leanbh a shaolú trí ghearrthacha sa bholg agus sa bhroinn.
54	Ciallaíonn “athchur cromáin” gnáthamh máinliachta chun codanna damáistithe d’alt cromáin a bhaint agus próistéis a chur ina n-ionad.
55	Ciallaíonn “athchur iomlán glúine” gnáthamh máinliachta trína gcuirtear próistéis in ionad an ailt glúine ghalraithe.
56	Ciallaíonn “eisceadh páirteach faireoige mamaí” cuid den fhíochán cíche a bhaint trí ghnáthamh máinliachta mar gheall ar réigiún galrach amhail mais/lot, cist, siad, nó neoplasma neamhurchóideach nó urchóideach.
57	Ciallaíonn “maisteachtóime iomlán” cíoch iomlán a bhaint trí ghnáthamh máinliachta.

IARSCRÍBHINN II

Liosta athróg, a dtréithe agus a miondealuithe, dá dtagraítear in Airteagal 3

Athróga	Saintréithe agus miondealuithe
1. **Sonraí maidir le Fostaíocht Sláinte**	
1.1. An líon lianna i mbun cleachtais de réir aoise agus de réir inscne	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Miondealú de réir aoise agus de réir inscne. Aois: níos lú ná 35, 35-44, 45-54, 55-64, 65-74, 75 agus níos sine.
1.2. An líon lianna i mbun cleachtais de réir aoise agus de réir catagóire	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Miondealú de réir catagóire. Catagóirí: liachleachtóirí ginearálta, liachleachtóirí ginearálta eile (neamh-speisialaithe), péidiatraithe, obstatraithe agus gínéiceolaithe, síciatraithe, grúpa speisialtóirí neamh-mháinliachta, grúpa speisialtóirí máinliachta, speisialtóirí eile nach bhfuil aicmithe in aon áit eile, dochtúirí nach bhfuil sainiú breise déanta orthu.
1.3. An líon cnáimhseach atá i mbun cleachtais	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Líon iomlán.
1.4. An líon altraí atá i mbun cleachtais	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Líon iomlán.
1.5. An líon fiaclóirí atá i mbun cleachtais	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Líon iomlán.
1.6. An líon cógaiseoirí atá i mbun cleachtais	An líon daoine ag deireadh na tréimhse tagartha. Líon iomlán.
2. **Sonraí maidir le Céimithe Sláinte**	
2.1. An líon céimithe leighis	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
2.2. An líon céimithe fiaclóireachta	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
2.3. An líon céimithe cógaisíochta	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
2.4. An líon céimithe cnáimhseachais	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
2.5. An líon céimithe altranais	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
3. **Sonraí faoi Leapacha Ospidéal agus Leapacha i Saoráidí Cúraim Fhadtéarmaigh Cónaithe**	
3.1. An líon leapacha ospidéil le haghaidh cúram sómatach	Meánlíon le linn na tréimhse tagartha nó líon iomlán ag deireadh na tréimhse tagartha. Miondealú de réir feidhme. Feidhmeanna: cúram íceach, cúram athshlánúcháin, cúram fadtéarmach, feidhm nach n-aicmítear áit ar bith eile.
3.2. An líon leapacha ospidéil i gcomhair cúram síciatrach	Meánlíon le linn na tréimhse tagartha nó líon iomlán ag deireadh na tréimhse tagartha.
3.3. An líon leapacha i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe	Meánlíon le linn na tréimhse tagartha nó líon iomlán ag deireadh na tréimhse tagartha.

4. **Sonraí maidir le Feistí um Íomháú Leighis**	
4.1. An líon aonad MRI	An líon iomlán ag deireadh na tréimhse tagartha.
4.2. An líon scanóirí CT	An líon iomlán ag deireadh na tréimhse tagartha.
5. **Sonraí maidir le Cúram Othar Seachtrach**	
5.1. Ráta imdhíonta daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn sin in aghaidh fliú	An líon daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn sin a imdhíonadh in aghaidh fliú le linn na tréimhse tagartha roinnte ar an meán daonra bliantúil atá 65 bliana d'aois nó os a chionn. nó An líon daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn sin a imdhíonadh in aghaidh fliú i gcomhair shéasúr an fhliú, a shainmhínítear mar an 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh, a raibh deireadh leis sa tréimhse thagartha arna roinnt ar an daonra atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ag tús na tréimhse tagartha.
5.2. Ráta na mban idir 50 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil le haghaidh ailse chíche orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht)	Ráta: an líon ban idir 50 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil le haghaidh ailse chíche orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht) laistigh de 24 mhí roimh dheireadh na tréimhse tagartha (nó de réir na minicíochta scagthástála ar leith a mholtar i ngach tír) roinnte ar líon na mban atá idir 50-69 mbliana d'aois atá i dteideal clár scagthástála eagraithe. Mura bhfuil clár den sórt sin ag tír, ní thabharfaidh sí aon luach le bratach iomchuí ina ionad sin.
5.3. Ráta na mban idir 20 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil ailse cheirbheacs orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse ceirbheacs	Ráta: an líon ban idir 20 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil le haghaidh ailse chíche orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht) laistigh de 36 mhí roimh dheireadh na tréimhse tagartha (nó de réir na minicíochta scagthástála ar leith a mholtar i ngach tír) roinnte ar an líon ban idir 20-69 mbliana d'aois atá i dteideal clár scagthástála eagraithe. Mura bhfuil clár den sórt sin ag tír, ní thabharfaidh sí aon luach le bratach iomchuí ina ionad sin.
6. **Sonraí maidir le Cúram Ospidéil**	
6.1. An líon othar cónaitheach a scaoileadh amach as an ospidéal	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú de réir diagnóise, gnéis, aoisghrúpa agus gné gheografach. Ní gá neamhoird mheabhracha nó iompraíochta a mhiondealú de réir diagnóise agus is féidir iad a chur ar fáil mar ghrúpa. Aoisghrúpaí: níos lú ná 1, 1-4, 5-9, 10-14, 15-19, 20-24, 25-29, 30-34, 35-39, 40-44, 45-49, 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, 75-79, 80-84, 85-89, 90-, 95 agus os a chionn sin Gné gheografach: Réigiún NUTS2 áit chónaithe an othair a scaoileadh amach as an ospidéal (i gcás neamhchónaitheoirí: tír chónaithe).

6.2. An líon laethanta leapa othar cónaitheach in ospidéal	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú de réir diagnóise, gnéis, aoisghrúpa agus gné gheografach. Ní gá neamhoird mheabhracha nó iompraíochta a mhiondealú de réir diagnóise agus is féidir iad a chur ar fáil mar ghrúpa. Aoisghrúpaí: níos lú ná 1, 1-4, 5-9, 10-14, 15-19, 20-24, 25-29, 30-34, 35-39, 40-44, 45-49, 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, 75-79, 80-84, 85-89, 90-, 95 agus os a chionn sin. Gné gheografach: Réigiún NUTS2 áit chónaithe an othair a scaoileadh amach as an ospidéal (i gcás neamhchónaitheoirí: tír chónaithe).
6.3. An líon cásanna lae a scaoileadh amach as an ospidéal	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú de réir diagnóise, gnéis, aoisghrúpa agus gné gheografach.. Ní gá neamhoird mheabhracha nó iompraíochta a mhiondealú de réir diagnóise agus is féidir iad a chur ar fáil mar ghrúpa. Aoisghrúpaí: níos lú ná 1, 1-4, 5-9, 10-14, 15-19, 20-24, 25-29, 30-34, 35-39, 40-44, 45-49, 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, 75-79, 80-84, 85-89, 90-, 95 agus os a chionn sin. Gné gheografach: Réigiún NUTS2 áit chónaithe an othair a scaoileadh amach as an ospidéal (i gcás neamhchónaitheoirí: tír chónaithe).
6.4. An líon othar cónaitheach a scaoileadh amach as an ospidéal i gcás othair a fuair cúram sómatach íceach	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
6.5. An líon laethanta leapa othar cónaitheach i gcás othair a fuair cúram sómatach íceach	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha.
7. **Sonraí maidir le Gnáthaimh Mháinliachta**	
7.1. Máinliacht chatarachtaí	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae agus cásanna othar seachtrach.
7.2. Céislíneachtóime	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae agus cásanna othar seachtrach.
7.3. Angaplaiste corónach traslonrach	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.4. Nódú seach-chonaire artaire chorónaigh	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.5. Colaicisteachtóime	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.6. Deisiú na heirne bléiní	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.

7.7. Gearradh Caesarach	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.8. Athchur cromáin	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.9. Athchur iomlán glúine	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.10. Eisceadh páirteach faireoige mamaí	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.
7.11. Maisteachtóime iomlán	An líon iomlán le linn na tréimhse tagartha. Miondealú ar ghnáthaimh de réir cásanna othar cónaithe, cásanna lae.